Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2021-2022

Focal ó

Uachtarán

Gina Quin

Nach iontach an tréimhse a bhí againn sa bhliain acadúil 2021-22! I ndiaidh 18 mí de shrianta Covid-19, thángamar amach go cúramach as, le mic léinn agus baill foirne ag filleadh ar an gcampas de réir a chéile, agus cuireadh fáilte mhór roimh ghníomhaíochtaí a bheith á reáchtáil arís ar an gcampas. Bhí sé go hiontach cuid de ghleo agus torann shaol an choláiste a chloisteáil arís.

Ag filleadh ar an gcampas, tógfaimid linn cuid den fhoghlaim a bhain leis an dianghlasáil: Tá an ríomhfhoghlaim daingnithe ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann inár gcláir chumaisc agus i gcuid mhór dár seirbhísí tacaíochta. Leanfaidh nuálaíocht agus athléimneacht Choláiste Náisiúnta na hÉireann le linn na tréimhse seo de thionchar a imirt ar ár bhfoghlaim agus ar ár dteagasc agus muid ag leanúint ar aghaidh lenár misean chun saol daoine a athrú tríd an oideachas.

Táimid ag súil le bliain acadúil iomlán amach romhainn nuair a bheidh go leor dár gcuid mac léinn ar ais ar an gcampas agus ag baint leasa as seirbhísí an Choláiste agus Aontais na Mac Léinn araon.

Leanann Coláiste Náisiúnta na hÉireann lenár gcláir Tionscnaimh Luathfhoghlama a sheachadadh go bródúil laistigh dár bpobal áitiúil mar shaineolaí náisiúnta i réimse na hidirghabhála luathfhoghlama do na leanaí agus do na teaghlaigh is mó atá i ngátar in Éirinn.

Bhí ríméad orainn comhaontú Comhpháirtíochta foirmiúil a shíniú le hAontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann, ag tacú lenár dtiomantas comhroinnte dár mic léinn. Mar thoradh ar an gcomhoibriú seo, leagadh amach Creat Toilithe foirmiúil, cuireadh táirgí sláintíochta ar fáil ar an gcampas saor in aisce agus leagadh amach Beartas Aitheantais Inscne freisin. In éineacht le clár Athena SWAN atá i bhfeidhm i measc ár bhfoirne acadúla agus riaracháin, léiríonn sé seo go léir ár dtiomantas láidir do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Bhaineamar roinnt éachtaí suntasacha amach in 2020-21.

Bhí ár dTionscnamh Luathfhoghlama i gceannas ar an gClár Máithreacha Pobail agus ba mhór an cheiliúradh an maoiniú a fuarthas ó Achainí Sheó na mBréagán.

Fuaireamar Cairt Ardoideachais Erasmus do 2021-27.

Bhronn an tagarmharc domhanda um Institiúidí Ardoideachais, QS Stars, 5 Réalta, an rátáil is airde is féidir, ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann, rud a bhunaíonn ár sármhaitheas acadúil ar bhealach oibiachtúil.

Bhaineamar amach stádas mar Champas Aoisbháúil, in éineacht lenár stádas mar champas atá Báúil leis an Uathachas, rud a léiríonn go soiléir ár dtiomantas chun rochtain do chách a chinntiú.

Agus tugadh aitheantas arís do Choláiste Náisiúnta na hÉireann ar an liosta de na 100 Ionad Oibre is Fearr ó thaobh na Folláine de.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine ar an bhfoireann, ar an bhfoireann teagaisc agus ar an bhfoireann teagaisc comhlach as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas go léir. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mBord Gobharnóirí as a n-eagna agus a dtreoir, chomh maith le buíochas speisialta a ghabháil do Chathaoirleach an Bhoird, an tAthair Leonard Moloney, SJ.

Gina Quin,
Uachtarán, Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Réamhrá ó

Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe

An tAthair Leonard Moloney, SJ

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord Rialaithe agus le gach duine i gColáiste Náisiúnta na hÉireann, faoi stiúir ár nUachtarán, Gina Quin, as an obair iontach a rinne siad in 2021-22.

Le bliain anuas, tá fás breise tagtha ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus leanadh le seachadadh leanúnach ár misean chun saol daoine a athrú tríd an oideachas. Tugadh aitheantas soiléir ar ár bhfeidhmíocht acadúil leis an rangú 5 Réalta ó QS Stars agus lean Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh ag forbairt comhoibrithe áitiúla agus idirnáisiúnta, agus comhpháirtíochtaí tionscail. Thar aon ní eile, is léir go bhfuil Coláiste Náisiúnta na hÉireann ag díriú i gcónaí ar a chuid mac léinn agus ar a phobal.

Éacht ar leith sa réimse seo is ea an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an Coláiste agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann. Tá Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na chéad Institiúidí Ardoideachais in Éirinn chun Comhaontú Comhpháirtíochta foirmiúil a fhoilsiú a sholáthraíonn treoir maidir le freastal ar riachtanais na mac léinn reatha agus na mac léinn amach anseo, agus ina leagtar amach comhthiomantas Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann araon do na mic léinn.

Tagann an tionscnamh seo sna sála ar rannpháirtíocht Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann sa chéad Chlár Píolótach um Rannpháirtíocht Náisiúnta na Mac Léinn Ardoideachais (NStEP) in 2016, clár a ceapadh chun rannpháirtíocht mac léinn i gcúrsaí cinnteoireacht a éascú ar fud na hearnála, ag obair le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le hAontas Náisiúnta na Mac Léinn.

Léiríonn an obair seo tiomantas Choláiste Náisiúnta na hÉireann do mhisean agus d'éiceachóras iomlán an ardoideachais in Éirinn. Is cúis mhór bhróid don Choláiste a nuálaíocht agus inrochtaineacht ar an ardoideachas. Leanann Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh le bealaí nua chun an oideachais a oscailt trí chláir ar nós P-Tech, Printíseachtaí gairmiúla agus céimeanna luathaithe, anuas ar phróifíl láidir na gclár fochéime agus iarchéime i réimse an Ghnó, réimse na Ríomhaireachta, réimse na Síceolaíochta agus réimse an Oideachais.

Le tiomantas soiléir don phobal, tá forbairt bhreise déanta ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar a Thionscnamh Luathfhoghlama i lár chathair Bhaile Átha Cliath, agus ar bhonn náisiúnta chomh maith. Tugann an Tionscnamh Luathfhoghlama aghaidh ar chruachás na bochtaineachta oideachais agus eacnamaíochta trí idirghabhálacha saineolacha a dhéanamh le leanaí agus teaghlaigh, agus trí chóras tacaíochta a mhaireann ar fud na scolaíochta a chur i bhfeidhm. Treisíonn an clár seo ar ár dtiomantas do shaol daoine a athrú tríd an oideachas.

Breathnaím ar 2021/22 agus feicim Institiúid Ardoideachais mac léinn-lárnach a thugann aire dá fhoireann: Feicim institiúid atá dírithe ar an bpobal, ag seachadadh éiteas an cheartais shóisialta i gcroílár Choláiste Náisiúnta na hÉireann, trí fheabhas acadúil i ngach a ndéanann sé.

Tá Coláiste Náisiúnta na hÉireann i riocht maith chun fás agus forbairt a dhéanamh, agus réidh chun ár gcampas a leathnú agus ár misean chun saol daoine a athrú tríd an oideachais a chur chun cinn.

An tAthair Leonard Moloney, SJ
Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais

SRACFHÉACHAINT AR CHOLÁISTE NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

2021/22

6031

Mac Léinn Cláraithe



Lánaimseartha



Páirtaimseartha

Scoil Ghnó
3383

Scoil na Ríomhaireachta
2264

CELL
384

88
Clár

97
Náisiúntacht

3070
Mná

2952
Fir

9
B'fhearr liom gan

204
Ball Foirne Acadúil Lánaimseartha

146
Ball Foirne Riaracháin agus Tacaíochta

Bronnadh Céime Choláiste Náisiúnta na hÉireann san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

Iúil 2021

Rinneadh ceapachán Leas-Uachtarán NCI, an tOllamh Jimmy Hill, mar Uachtarán nua ar Chumann Idirnáisiúnta Scoileanna Gnó na nÍosánach a dhaingniú ag an gCruinniú Cinn Bhliana, Dé hAoine an 23 Iúil. Beidh sé sa ról seo go ceann dhá bhliain. Cruinniú Cinn Bliana, Dé hAoine, 23 Meitheamh. Beidh sé sa ról seo go ceann dhá bhliain.

Lúnasa 2021

Tá ríméad orainn fáilte a chur roimh an Aire Simon Harris chuig an gcampas chun a fháil amach faoinár dTionscnamh a thacaíonn le Daoine a bhfuil Uathachas orthu agus chun féachaint ar Sheomra na gCéadfaí dár gcuid.

Meán Fómhair 2021

Tá an leabharlann i gColáiste Náisiúnta na hÉireann ainmnithe in i ndiaidh a pátrúin, Norma Smurfit. Thug sí cuairt ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann chun a fháil amach faoi NORMA, ríomh-Thaisclann an Choláiste. Tacaíonn an chartlann dhigiteach seo le hobair fhoireann agus mhic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus cuireann sé an obair sin go léir i láthair an phobail. Agus í so-úsáidte leis na hilmheáin, tá 4,321 mír ar fáil faoi láthair ar NORMA - agus tá an córas inchuardaithe ar fud an domhain. Rinneadh nach mór 1.9 milliún íoslódáil cheana féin ar fud an domhain sa chéad naoi mí de 2021

Deireadh Fómhair 2021

Cuireadh comhpháirtíocht um nuálaíocht idir Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus Glantus ar an ngearrliosta do Ghradam Tionscail Theicneolaíocht Éireann sa chatagóir 'Éacht Acadúil na Bliana'. Míníonn an Dr Anu Sahni an taighde agus na naisc chuig an bpáipéar bán anseo.

Technology Ireland
Ibec
Shortlisted Finalist
INDUSTRY AWARDS
2021

Samhain 2021

Tagann Coláiste Náisiúnta na hÉireann

isteach i gCairt Erasmus+, lena leathnaítear deiseanna malartaithe idirnáisiúnta do mhic léinn agus do bhaill foirne

Erasmus+

Mí na Nollag 2021

Reáchtálann an Coláisteseirbhís ionchuimsitheach ilchreidmheach chun comóradh a dhéanamh ar mhuintir agus ar chairde fhoireann agus mhic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann a fuair bás le bliain anuas

Eanáir 2022

Ba iontach an rud é nuair a cuireadh deireadh leis an gcuid is mó de shrianta Covid-19, ní hamháin do Choláiste Náisiúnta na hÉireann ach don tír ar fad, agus bhí sé le feiceáil go soiléir nuair a bhí an campas ar bís le scleondar arís!

Feabhra 2022

Seoladh Brigit's Basket, comhthionscnamh Choláiste Náisiúnta na hÉireann-Aontas Mac Léin Choláiste Náisiúnta na hÉireann chun táirgí míostraithe a chur ar fáil saor in aisce ar fud an Choláiste.

Márta 2022

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, sheol Coláiste Náisiúnta na hÉireann creat toilithe a chuireann beartas agus próisis i bhfeidhm chun tacú leo siúd atá á ndíriú orthu agus chun ciapadh gnéasach agus foréigean san ardoideachas a mhaolú.

Aibreán 2022

Foilsíodh páipéar ar a d'oibrigh an Dr David Mothersill, Coláiste Náisiúnta na hÉireannsan iris Nature, ag cur síos ar an inchinn ar feadh an tsaoil.

Bealtaine 2022

Bhí bród ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann fáilte a chur roimh an Dr Fabio Panetta agus Philip Lane ón mBanc Ceannais Eorpach, in éineacht leis an Aire Paschal Donohoe (Uachtarán an Ghrúpa Euro), an Seanadóir Mairéad McGuinness (Coimisinéir Seirbhísí Airgeadais an AE), Lisa Simpson (Stiúrthóir EMEA Blockchain Lab, Deloitte) agus an tAire Michael McGrath (Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú), faoi stiúir an tSeanadóra Malcolm Byrne chun páirt a ghlacadh i bplé dar teideal 'Toward a Digital Euro'.

Meitheamh 2022

Bhí Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na chéad institiúidí ardoideachais in Éirinn chun Comhaontú Comhpháirtíochta a shíniú.

Fuair Coláiste Náisiúnta na hÉireann rátáil 5 réalta ó na saineolaithe tagarmharcála domhanda i réimse an Ardoideachais, QS Stars. Chuir an Fhoireann Idirnáisiúnta iarratas isteach ar an ngradam, rud le hionchur ó bhaill foirne tacaíochta ar fud an Choláiste, ó lucht acadúil agus, go háirithe, ón bhFoireann Iontrála. Tá an Coláiste bródúil as deimhniú oibiachtúil a fháil ar an luach a bhaineann le staidéar a dhéanamh ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann.

QS STARS RATING FOR NATIONAL COLLEGE OF IRELAND

Iomlán	**5 Réalta**
Teagasc	**4 Réalta**
Infhostaitheacht	**5 Réalta**
Taighde	**2 Réalta**
Idirnáisiúnú	**5 Réalta**
Áiseanna	**5 Réalta**
Freagracht Shóisialta	**5 Réalta**
ionchuimsitheacht	**5 Réalta**
Sainchritéir: Cuntasaíocht agus Airgeadais	**5 Réalta**

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, rinne an Coláiste próiseas pleanála agus cinnteoireachta Choláiste Náisiúnta na hÉireann dá chláir acadúla a neartú go mór. Trí Fhoghrúpa Feidhmiúcháin Bainistíochta Shaolré an Chláir (PLM-ESG), thug an oifig um Cháilíocht agus Éifeachtúlacht Institiúideach tacaíocht do na Scoileanna agus do Lárionad don Oideachas agus don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (CELL) cláir nua a mholadh agus a fhaomhadh dá bhforbairt agus tá creat curtha ar fáil aici do chláir a bhfuil deireadh le cur leo. Ina theannta sin, d'oibrigh an oifig QIE in éineacht leis an Scoil Ghnó, le Scoil na Ríomhaireachta agus leis an Lárionad don Oideachas agus don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil chun líon mór clár creidiúnaithe agus micrea-dhintiúr de chuid DCCÉ a bhailíochtú agus a athbhailíochtú.

CLÁIR NUA ARNA MBAILÍOCHTÚ IN 2021/2022

Teideal an Chláir	Cineál Dámhachtana	Leibhéal	Creidiúnaithe
Scoil Ghnó			
MSc sa Chuntasaíocht	Mórdhámhachtain	9	90
Dioplóma Iarchéime san Oideachas	Mórdhámhachtain	9	60
Teastas in Eolaíocht na Cinnteoireachta	Dámhachtain Shainchuspóireach	9	5
Teastas san Anailísíocht Ghnó	Dámhachtain Shainchuspóireach	9	5
Teastas i gCeannaireacht Ghnó Inbhuanaithe	Dámhachtain Shainchuspóireach	9	5
Scoil na Ríomhaireachta			
MSc san Intleacht Shaorga	Mórdhámhachtain	9	90
Dioplóma Iarchéime Eolaíochta san Intleacht Shaorga	Mórdhámhachtain	9	60
MSc san Intleacht Shaorga do Ghnó	Mórdhámhachtain	9	90
Dioplóma Iarchéime Eolaíochta san Intleacht Shaorga do Ghnó	Mórdhámhachtain	9	60

D'fhág an Coláiste slán ó chroí le John McGarrigle, agus ghlac Karen Jones go foirmiúil le ról an Chláraitheora. Thosaigh Patricia Maguire linn mar Stiúrthóir Cáilíochta agus Éifeachtúlachta Institiúideach. Thosaigh Bainisteoir nua um Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú & Oiliúint, Deirdre McCarthy, i gColáiste Náisiúnta na hÉireann i mbliana freisin.

Ceapadh an Dr April Hargreaves agus an Dr Paul Hanly ina Leas-Déin ar an Scoil Ghnó, ag teacht i gcomharba ar Vivienne Byers. Tháinig Amanda Kracen isteach mar léachtóir sinsearach sa tSíceolaíocht.

Ceapadh an Dr Paul Stynes ina Dhéan ar Scoil na Ríomhaireachta, in áit an Dr Pramod Pathak. Tháinig an Dr Cristina Muntean-Hava i gcomharba ar an Dr Stynes mar Leas-Déan. Chuir Scoil na Ríomhaireachta fáilte roimh léachtóirí sinsearacha nua freisin: William Clifford, Rohit Verma, Musfira Jilani agus Shivani Jaswal.

Ag teacht le tiomantas an Choláiste don cheantar, tá Alba González-Cebrián ina Chomhlach Taighde um Shonraí Oscailte anois. Is féidir tuilleadh a léamh faoi Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus Sonraí Oscailte anseo. Thosaigh Jaswinder Singh ag obair i gColáiste Náisiúnta na hÉireann mar Fhorbróir agus Éascaitheoir Ábhar Ríomhfhoghlama.

huir an Lárionad Oideachais agus Foghlama ar Feadh an tSaoil fáilte roimh Deirdre Tinnelly mar Speisialtóir san Oideachas.

Tríd an Lárionad Oideachais agus Foghlama ar Feadh an tSaoil, d'óstáil Coláiste Náisiúnta na hÉireann an chéad Fhéile Bhliantúil Oideachais agus Foghlama ar Feadh an tSaoil i mí an Mheithimh 2022. Chumhdaigh na trí sheimineár a reáchtáladh thar thréimhse dhá lá réimse topaicí éagsúla: rinneadh iniúchadh ar dtús ar na dúshláin, straitéisí agus nuálaíochtaí atá ag teacht chun cinn in earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna in Éirinn; rinneadh plé sa dara ceann ar scéalaíocht dhigiteach san oideachas luath-óige agus ar chur chuige forásach i leith machnamh gairmiúil i réimse Oideachas agus Cúram na Luath-Óige); agus sa tríú seimineár, cuireadh P-TECH i láthair don phobal oideachais i gcoitinne.

Is samhail nuálach é P-TECH de chomhoibriú idir an tionscal oideachais agus an tionscal arna fhorbairt ag IBM sna Stáit Aontaithe ar dtús, agus a glacadh agus a oiriúnaíodh mar mhórthionscnamh athnuachana sóisialta agus eacnamaíoch i Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Agus é ina comhpháirtíocht thiomanta idir an tionscal (IBM, CISCO, Virgin Media, Irish Life, Uisce Éireann), meánscoileanna, An Lárchathair Thoir Thuaidh (NEIC), an rialtas, agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann mar chomhpháirtí Ardoideachais, is tionscnamh spreagúil oideachais é P-TECH a bhfuil sé mar aidhm aige bealaí nua foghlama a chur ar fáil do dhaltaí i gceantair faoi míbhuntáiste a chabhróidh leo féidearthachtaí oideachais agus gairme amach anseo a thapú. Chruthaigh agus bhain Lárionad an Oideachais agus Foghlama ar feadh an tSaoil creidiúnú DCCÉ amach do dhá churaclam nua, ar Teastas leibhéal 6 i P-TECH do mhic léinn ceann amháin díobh, agus Teastas leibhéal 9 i gCleachtas Oideachais P-TECH an ceann eile chun múinteoirí dara leibhéal a ullmhú le hoideolaíochtaí ardoideachais a sheachadadh.

D'fhorbair agus bhain Lárionad an Oideachais agus Foghlama ar feadh an tSaoil creidiúnú DCCÉ amach freisin le haghaidh dhá shraith de chúrsaí micreadhintiúr: Cúrsa micreadhintiúr Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 i gCuartaíocht Bhaile i gcomhpháirtíocht le Rethink Ireland agus ELI, agus cúrsa micreadhintiúr Leibhéal 7 i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) chun dul le cláir TEL leibhéal 6 agus leibhéal 7 atá ann cheana féin.

In 2021/22, tugadh áiteanna don chéad bhabhta d'iarratasóirí ón Lár-Oifig Iontrála don chúrsa BA (Onóracha) in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige. Tá an dámhachtain DCCÉ leibhéal 8 seo faofa ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí agus tacaíonn sé le straitéis 'na Chéad Chúig' de chuid an rialtais chun bogadh de réir a chéile i dtreo lucht saothair ghairmiúil faoi stiúir céimithe.

Thóg Coláiste Náisiúnta na hÉireann isteach an chéad ghrúpa chun tabhairt faoin gcéad Chéim Onóracha i gCleachtas Earcaíochta ar domhan, clár printíseachta a forbraíodh i gcomhpháirtíocht leis an gCónaidhm Fostaíochta agus Earcaíochta (ERF).

Choinnigh Coláiste Náisiúnta na hÉireann a áit ar liosta de na 100 Ionad Oibre is Fearr ó thaobh na Folláine de san Iris Business & Finance, i gcomhar le Ibec. Is fianaise an gradam seo ar dhúthracht ár bhFoirne Acmhainní Daonna, faoi cheannaireacht Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna, Mary Connelly.

CÚRSAÍ TAIGHDE FAOI THRÁCHT

SCOPUS

Is éard atá i Scopus ná bunachar sonraí teibí innéacsaithe arna chur ar fáil ag Elsevier, agus lena mbaineann naisc chuig ailt téacs iomlána. Tá Elsevier rangaithe sa chéad áit i measc na bhfoilsitheoirí de réir líon na n-alt a foilsítear agus sa dara háit i measc na bhfoilsitheoirí de réir líon na n-alt rochtana oscailte a fhoilsítear. Féadfaidh uimhreacha Scopus tionchar a imirt ar mhaoinitheoirí. Tugtar faoi deara go bhfuil foilseacháin ábhartha, innéacsaithe de ghnáth i Scopus, ar chuid de na critéir a úsáidtear chun cáil institiúide acadúla a thomhas. Mar shampla, éilíonn Rangú na nOllscoileanna Domhanda Tríú Leibhéal de chuid *The Times* go bhfoilsíonn Institiúid Ardoideachais "breis agus 1,000 foilseachán ábhartha le 5 bliana anuas" sula gcuirtear ar a liosta iad.



Foilseacháin Choláiste Náisiúnta na hÉireann a taifeadadh in Scopus in 2021

Sampla den taighde

Bhí an Dr David Mothersill, Ollamh Cúnta agus Stiúrthóir sa tSíceolaíocht, ar dhuine de húdair páipéar taighde a foilsíodh in *Nature*, ceann de na hirisí eolaíochta is mó le rá ar domhan. Cuireann an páipéar seo taighde arna dhéanamh ag foireann idirnáisiúnta taighdeoirí i láthair. Chruthaigh na taighdeoirí seo sraith cairteacha inchinne a chuimsíonn ár saolré ar fad agus a léiríonn an bealach a leathnaíonn ár n-inchinn go tapa go luath sa saol agus mar a laghdaíonn sí go mall de réir mar a théimid in aois. Tá súil ag an bhfoireann go dtiocfaidh uirlisí cliniciúla as an taighde amach anseo a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fhás agus ar fhorbairt na hinchinne, agus a chabhróidh linn tuiscint níos fearr a fháil ar choinníollacha amhail galar Alzheimer a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meath fhíochán na hinchinne agus le meath cognaíoch. Bethlehem, R. A. I., Seidlitz, J., White, S. R., Mothersill, D and et al., - (2022) Brain charts for the human lifespan. Nature. 2022 Apr;604(7906):525-533. doi: 10.1038/s41586-022-04554-y. Epub 2022 Apr 6.

D'fhorbair an Dr David Mothersill agus a chomhghleacaithe aip don iPad ar a dtugtar 'Computerised Theory of Mind' (cTOM) agus tá sí ar fáil saor in aisce. Soláthraíonn an Aip modh nuálach chun cognaíocht shóisialta a thástáil. Tá taighde David thar a bheith suimiúil agus inmholta sa bhealach a chuirtear i bhfeidhm é chun cabhrú le daoine. Is féidir an aip a fháil san aipmhargadh, agus is féidir tuilleadh a léamh fúithi ar Irish Tech News.

Fadhb mhór do go leor daoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu is ea stiogma. Bunaíodh saotharlann nua i gColáiste Náisiúnta na hÉireann chun cur leis an taighde seo: an tsaotharlann Stiogma agus Meabhairshláinte Éireann (SAMI), faoi stiúir an Dr April Hargreaves, an Dr David Mothersill, agus an Dr Gerard Loughnane. Tá sé i gceist go gcuirfidh an taighde seo príomhshonraí ar fáil lena n-úsáid i mbeartais agus i bhfeachtais an Rialtais atá dírithe ar an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte a laghdú. Tá SAMI bródúil as comhoibriú a dhéanamh le Shine, a reáchtálann an feachtas 'See Change Green Ribbon', agus a oibríonn chun an stiogma agus an t-idirdhealú a bhaineann le deacrachtaí meabhairshláinte a laghdú, agus le Headline freisin, arb é clár náisiúnta na hÉireann chun tuairisciú agus ionadaíocht fhreagrach a chinntiú maidir le deacrachtaí meabhairshláinte ar fud na n-ardán meán go léir. Tá nasc chuig an tsaotharlann ar fáil anseo.

D'éirigh leis an gcéimí nua ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann, Diana Ursul (BA (onóracha) i mBainistíocht Acmhainní Daonna), in éineacht le dámh Choláiste Náisiúnta na hÉireann, an Dr Paul Hanly, an Dr Gerard Loughnane agus Michelle Ahern, staidéar tábhachtach a fhoilsiú san irisEuropean Journal of Health Economics. Sa staidéar seo, rinneadh luacháil ar chostais eacnamaíocha na mortlaíochta anabaí a bhaineann leis an gcéad chéim den ráig Covid-19 ar fud na hEorpa. Léiríonn na torthaí farasbarr básanna 18,614 (77% - fir) mar thoradh ar ráig Covid sna míonna tosaigh ar fud naoi dtír Eorpacha, rud a chosain €1.07 billiún i dtáirgiúlacht chaillte. Ba iad an Spáinn, an Iodáil agus an Ísiltír na tíortha is mó a bhí buailte sa chéad chéim seo den phaindéim.

Tá Scoil na Ríomhaireachta páirteach faoi láthair sna tionscadail taighde DataBytes (Fondúireacht Eolaíochta Éireann – atá beartaithe chun daltaí dara leibhéal a chur ar an eolas faoi Eolaíocht Sonraí); EI-SMARDY (Fiontraíocht Éireann) agus TrainRDM (EC Erasmus+), a bhfuil an dá cheann acu oiriúnach go háirithe le glacadh Choláiste Náisiúnta na hÉireann le hEolaíocht Oscailte agus Sonraí Oscailte; agus CERCIRAS - pobail oideachais agus taighde a nascadh le haghaidh sochaí nuálach atá feasach ar acmhainní (EC Horizon 2020).



Chuaigh an mac léinn MSc san Anailísíochta Sonraí, Abhishek Padalkar, leis an iar-Dhéan an Dr Pramod Pathak agus leis an Déan reatha (an Déan Tánaisteach ag an am) an Dr Paul Stynes chun Samhail Braite agus Scálú Réad ar chúiseanna Sórtála Dramhaíola Plaisteacha a chur i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta na hIntleachta Saorga 2021, imeacht a bhí an téama 'I dTreo na hIntleachta Saorga Inbhuanaithe' ag baint leis.

Chuir an Dr Arghir Moldovan SPuMONI "Smart Pharmaceutical MaNufacturIng" i láthair ag an 9ú Cruinniú Mullaigh Eolaíochta Sonraí, ceann de na trí iarracht tionscail a cuireadh ar an ngearrliosta don Dámhachtain Idirnáisiúnta um Tionchair na hIntleachta Saorga. Maoinithe ag an AE agus IRC, tá SPuMoNI tar éis teicneolaíochtaí blocshlabhra a ghiaráil chun inrianaitheacht déantúsaíochta agus cáilíocht íoca leighis a chinntiú níos fearr. Cuimsíonn sé 2 chomhpháirtí tionsclaíocha cógaisíochta — PQE Group agus FAREVA— agus 3 chomhpháirtí acadúla: Coláiste Náisiúnta na hÉireann, UP Valencia, agus U Thessaly.

Roinn foireann teagaisc Choláiste Náisiúnta na hÉireann a gcuid ama agus saineolais mar chomhaltaí coiste agus cathaoirligh chláir, áitiúla agus seisiúin ar réimse leathan comhdhálacha idirnáisiúnta, agus bhí siad ina n-athbhreithneoirí ar pháipéir chomhdhála agus ar ailt irise, lena n-áirítear GWO21, CSEDU22, iris Elsevier 'Computers & Security', agus an iris 'Frontiers in Education'.

Tá an obair thaighde go léir le tréaslú, agus tá taighde agus foilseacháin fhoireann iomlán NORMA.

TIONSCNAMH LUATHFHOGHLAMA

Figiúirí i leith an Tionscnaimh Luathfhoghlama:

14,835
duine

5,925
leanaí agus daoine óga

7,411
duine idir thuismitheoirí agus an teaghlach sínte

duine idir leanaí agus daoine óga **1,426** gairmí

93%
satisfaction rates across all programmes

ar fud na gclár go léir
165

91%
a léirigh foghlaim tríd an Tionscnaimh

91%
tionscadail Idirghníomhaireachta

Ba bhliain dhúshlánach í 2021/22 nuair a dhéileáil an Tionscnamh Luathfhoghlama le tionchar leanúnach COVID-19, liostaí feithimh méadaithe do dhaoine faoi mhíchumas, géarchéim dídeanaithe na hÚcráine agus méadú ar an gcostas maireachtála ar leanaí agus ar theaghlaigh ar fud na hÉireann.

Thacaigh an tIonad Náisiúnta um Chuartaíocht Bhaile agus Rannpháirtíocht Teaghlaigh le 660 gairmí i mbreis agus 20 eagraíocht agus pobal chun an Clár um Chuartaíocht Bhaile a sholáthar do 2,130 teaghlach ar fud na hÉireann. Leathnaíodh na cláir ParentChild+ agus Home from Home isteach i bpobail eile. Forbraíodh an Clár nua Sláintecare um Theaghlaigh Phobail.

Cuireadh clár comhtháite sofhreagrach tacaíochta oideachais ó réamhbhreith/bhreith suas go hoideachas tríú leibhéal ar fáil i Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath do 4,071 teaghlach i gcomhar le 766 gairmí. I measc na gclár nua, bhí Parenting365, Stretch Graduate, NEIC Childhood Restored agus My Place to Talk.

Inár gcáil mar Chathaoirleach an Chomhaontais um Chuartaíocht Bhaile, táimid ag súil le forbairt na Samhla Náisiúnta um Chuartaíocht Bhaile mar chuid de Na Chéad 5 | Straitéis an Rialtais do Bhabaithe & Leanaí Óga.

In 2022, fuair an Tionscnamh Luathfhoghlama maoiniú le haghaidh Parenting365, clár a thacaíonn le leanaí faoi mhíchumas agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, ó Achainí Sheó na mBréagán RTE, arna riar ag Fondúireacht Pobal Éireann. Thug Vlad Yatsenko, bunaitheoir agus POF Revolut, tabhartas pearsanta €1.1m d'Achainí Sheó na mBréagán agus thug sé cuairt ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann i mí an Mheithimh 2022 chun cuid den obair a rinneadh mar thoradh ar fhlaithiúlacht daoine eile a fheiceáil.

AN GHNÉ IDIRNÁISIÚNTA

1178
Líon iomlán na scoláirí

Ghnó 23 clár éagsúil
88 Fochéime (12 Chlár)
71 Ard-Dioplóma (1 Chlár)
1019 Clár Máistreachta (10 gClár)

Ríomhaireachta
331
An Scoil

848
Scoil na Ríomhaireachta

46
tír éagsúil
mar seo a leanas:

3
An Airgintín

1
Bairéin

5
An Bholaiv

72
An Bhrasaíl

7
An tSile

29
An tSín

3
An Cholóim

1
Cósta Ríce

1
An tSeoirsia

1
Gána

1
An Congó

1
Eacuadór

1
Hondúras

804
An India

3
An Indinéis

1
Iosrael

9
An Chóiré

6
Cuáit

1
An Mhaláiv

11
An Mhalaeisia

1
Oileán Mhuirís

38
Meicsiceo

3
An Mhongóil

1
Mósaimbíc

1
Nicearagua

104
An Nigéir



9
An Phacastáin

1
Panama

1
Na hOileáin



2
An Rúis

1
Catar

2
An Araib Shádach

1
Singeapór

5
An Afraic Theas

1
Srí Lanca

5
An Téaváin

3
An Téalainn

26
An Tuirc

1
AÉA

3
SAM

1 An Úcráin | **3** Vítneam | **1** An tSaimbia | **1** An tSiombáib

Mar gheall ar shrianta Covid, rinneadh formhór na mac léinn a ionduchtú ar líne, agus léirigh mic léinn ráta sástachta os cionn 90% ina dhiaidh sin. D'éirigh leis an bhfoireann roinnt imeachtaí lasmuigh/ imeachtaí lenar bhain freastal theoranta a reáchtáil, lena n-áirítear turais siúlóide ar Bhaile Átha Cliath, turas chuig Garraithe na Lus, páirt a ghlacadh i nglantachán canála agus turas chuig Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Nuair a cuireadh deireadh leis na srianta i mí Feabhra 2022, d'eagraigh an Fhoireann Tacaíochta Idirnáisiúnta seisiúin sheachtainiúla Caife & Comhrá i mí Feabhra, agus chuir siad le líon na n-imeachtaí pearsanta go dtí mí an Mheithimh. Seo cuid de na buaicphointí:

Bliain Nua na Gealaí | Turais Siúlóide Chathair Bhaile Átha Cliath | Turas treoraithe i nGailearaí Hugh Lane | Turas go Bré Lá na bPancóg - comórtas chun pancóga a mhaisiú | Siúlóid agus Comhrá le Cumann Meabhairshláinte Choláiste Náisiúnta na hÉireann | Ceardlann Chultúr & Cheol Traidisiúnta na hÉireann | Turas go Binn Éadair Turas treoraithe go hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann | Gairdíní na Lus | Leabharlann Chester Beatty | Turas go Gleann Dá Loch

Thosaigh Coláiste Náisiúnta na hÉireann faoin gCairt Erasmus+ i mbliana, éacht arna thionscnamh ag an bhFoireann Idirnáisiúnta sa Choláiste, cé go ndeachaigh sé chun tairbhe do gach mac léinn agus ball foirne trí bhealaí malartaithe a oscailt le hInstitiúidí Ardoideachais eile san Eoraip.

Rinneadh comhaontú le Coláiste Gairmoideachais Jiangsu um Leictreonaic agus Faisnéis (JVCEI) sa tSín. Tabharfar ait do chéimí ón Dioplóma i dTeicneolaíocht Bogearraí i JVCEI i mBliain 3 de BSc (Onóracha) i gColáiste Náisiúnta na hÉireann sa Ríomhaireacht, faoi réir na riachtanais iontrála seo a leanas a chomhlíonadh:

- An Dioplóma i dTeicneolaíocht Bogearraí a chur i gcrích le grád íosta (meánach) 75%;
- Modúl roghnach matamaitice feidhmí ar an gcúrsa Dioplóma a chur i gcrích;
- Modúl roghnach Innealtóireachta Bogearraí ar an gcúrsa Dioplóma a chur i gcrích; agus
- An riachtanas Béarla, IETLS 6.0 nó a chomhionann, a chomhlíonadh

EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Léirigh Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn ardleibhéal sástachta i measc mhic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann lena n-eispéireas sa Choláiste.

Suirbhé na Mac Léinn

National College of Ireland

Freagra Ráta: 26%

Sástacht Fhoriomlán:

73% a luaigh go raibh a n-eispéireas foriomlán go maith nó thar barr

77% a roghnódh CNÉ dá gcuirfidís tús lena gcuid staidéir arís

Lean Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh ag freagairt do mhargadh fostaíochta a bhí trí na chéile i ndiaidh Covid tríd an scoláireacht Master's Edge a leathnú do 2021/22

Ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh, athosclaíodh an campas gan srianta Covid. Rinneadh gach iarracht freastal ar mhic léinn a raibh pleananna déanta acu bunaithe ar nós na dianghlasála, agus mar sin, bhí dé-sheachadadh ar siúl, cé go raibh cuid de ghleo agus torann shaol an choláiste le cloisteáil arís ar an gcampas. I Seimeastar 2, rinneadh cumarsáid éifeachtach le mic léinn maidir le bheith ag súil le roinnt ranganna a bheith á seachadadh ar an gcampas amháin i Seimeastar 1 2022, chun neart ama ullmhúcháin a thabhairt dóibh.

D'fhág maolú na srianta i bhFómhar 2021 go rabhamar in ann Bronnadh Céime na Samhna a reáchtáil aghaidh ar aghaidh, cé go raibh breis scaradh sóisialta i gceist, chomh maith le laghdú d'aon ghnó ar líon na ndaoine a bhí i láthair. Bhain bronnadh céime an earraigh ní b'éasca fós toisc go raibh deireadh curtha le srianta eile.

Bronnadh Céime Choláiste Náisiúnta na hÉireann 2021

D'fhill gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus Chlubanna & Cumainn i mí Eanáir 2022, ach coinníodh roinnt gníomhaíochtaí ar líne chomh maith chun deis a thabhairt do mhic léinn nach raibh cónaí orthu i mBaile Átha Cliath go fóill.

Leanann Scoláireacht Spóirt Choláiste Náisiúnta na hÉireann ag mealladh daoine ó gach réimse spóirt, lena n-áirítear seóléimneach agus galf i mbliana

Liosta Onóra an Déin/an Stiúrthóra 2021/2022

- Bliain acadúil rathúil a bhí inti dár gcuid mac léinn chomh maith, agus líon mór díobh ainmnithe ar Liosta Onóracha na nDéan, chomh maith le héachtaí seachtracha lena n-áirítear:
- Mic léinn MSc san Anailísíocht Sonraí, Samarth Dhawan, Rhutujit Paradkar, Souvik Maitra, Akshay Sayar agus Rahul Badarinath, a tháinig sa tríú háit i gcomórtas ENFUSE na bliana seo
- Rinneadh tagairt onórach do mhac léinn na bliana deiridh Roberta Mandarano Cruz E Silva ag Comhdháil Bhliantúil Síceolaíochta na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaithe Éireann dá tionscadal taighde dar teideal 'I just wanted a meaningful interaction', a rinne iniúchadh ar thionchar na dianghlasála ar shaol gnéis na mban;
- Tugadh moladh do mhac léinn MBA na chéad bhliana, Erica Coen, ag Comórtas Straitéise Náisiúnta Chumann MBA na hÉireann;
- Bronnadh an gradam páipéir is fearr as Measuring Learner Engagement to Create a Gameful Learning Environment ag Comhdháil Domhanda an Oideachais Innealtóireachta VI IEEE ar David Williams, mac léinn dochtúireachta de chuid Scoil na Ríomhaireachta.

In 2021-2022, d'ainmnigh Coláiste Náisiúnta na hÉireann ina Champas Aoisbháúil – léiríonn an t-éacht seo ár réamhghníomhaíocht maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Is tionscnaimh trascholáiste iad seo a mbíonn tionchar dearfach acu ar bhaill foirne chomh maith le mic léinn, ag cruthú timpeallacht dhearfach i gcoitinne.

Éacht mór a bhí ann i mbliana ná Comhaontú Comhpháirtíochta Coláiste Náisiúnta na hÉireann - Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann. Bhí Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na chéad chúig institiúid ardoideachais phíolótacha atá sa Chlár Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Mac Léinn (NStEP) in 2016, rud a chabhraigh le fís a chruthú do rannpháirtíocht bhreise mac léinn sa chinnteoireacht ar fud na hearnála. Bunaítear leis an gcomhaontú comhpháirtíochta creat le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach, réamhghníomhach na mac léinn, agus leagtar amach ann na prionsabail agus na struchtúir trína n-oibreoidh Aontas na Mac Léinn agus an Coláiste le chéile chun a chinntiú go mbeidh an t-eispéireas is fearr agus is taitneamhaí is féidir ag mic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus iad sa Choláiste. Aithnítear agus urramaítear uathriail an Aontais maidir le féinstiúradh agus féinrialú, agus cuireadh an chéad chomhaontú cistiúcháin idir an Coláiste agus Aontas na Mac Léinn i bhfeidhm chun todhchaí an Aontais a chosaint.

Léirítear an comhoibriú idir an Coláiste agus Aontas na Mac Léinn i gcomhordú na hoiliúna toilithe agus próiseas trascholáiste chun bulaíocht agus/nó ciapadh a thuairisciú go rúnda, chomh maith le beartas um Léiriú Inscne agus Féiniúlacht. Tá nós imeachta uasdátaithe um ghearán mac léinn curtha le chéile ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus Aontas na Mac Léinn agus tá siad i mbun Mol Mac Léinn nua a chomhdhearadh. Is comhthionscnamh de chuid Aontas na Mac Léinn-an Choláiste é Brigit's Basket (táirgí míostraithe á soláthar saor in aisce ar fud na leithris ar an gcampas).

Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Náisiúnta na hÉireann 2021/22

Bhí Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Conor O'Reilly, agus é ag dul as oifig agus Uachtarán nua Aontas na Mac Léinn, Jennifer Treadwell (Leas-Uachtarán reatha) ar aon intinn maidir le haitheantas a thabhairt don iarracht a rinne feidhmeannaigh Aontas Mac Léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann roimhe seo chun an bhunchloch a leagan síos don leibhéal comhoibrithe seo agus do dhréachtú tosaigh an chomhaontaithe comhpháirtíochta.

Is teist leanúnach ar an eispéireas dearfach a bhíonn ag mic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann ar an gcoláiste ná, nuair a dhéanaimid teagmháil le daoine maidir le páirt a ghlacadh i bhfógraí chun daoine eile a spreagadh chun freastal ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann, bíonn líon mór díobh sásta é a dhéanamh i gcónaí. I mí Aibreáin 2022, bhíomar in ann na teistiméireachtaí seo a leanas a chur lenár bhfógraí reatha:

Painéil Phortráidí Luas, lena n-áirítear Joanne Breegan, a chríochnaigh Dioplóma Iarchéime i gCleachtas Oideachais agus atá ag múineadh anois i gColáiste Breisoideachais Inse Chór
.



DPodanna i Siopalanna, lena n-áirítear Shay Brady, a thug faoina chéim BA Onóracha sa Bhainistíocht Acmhainní Daonna agus faoi MSc i mBainistíocht i gColáiste Náisiúnta na hÉireann agus atá ina Chomhcheannasaí Oibríochtaí i mBainistíocht Dramhaíola anois i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

DigiShelters, lena n-áirítear Niamh Hogg, a bhain céim BA Onóracha amach i mBainistíocht Ghnó agus atá ina Bainisteoir Margaíochta le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann anoisT-Sides Bhus Átha Cliath, lena n-áirítear Sinead Conroy, a chríochnaigh MSc i nGnó Idirnáisiúnta i gColáiste Náisiúnta na hÉireann

T-sides Bhus Átha Cliath, Sinead Conroy ina measc, a chríochnaigh MSc i nGnó Idirnáisiúnta ag NCI agus tá sé ina Bhainisteoir Branda Margaíochta leis an Irish Times

Fógraí sóisialta lena n-áirítear Ciara Broderick (Dioplóma CIPD sa Bhainistíocht Acmhainní Daonna – Ginearálaí Acmhainní Daonna anois in Brown Thomas Arnotts) agus Andy Byrne (MBA, atá ina Chomhairleoir Foghlama leis an bhFoireann Foghlama Oibríochtaí Domhanda ag Meta anois).



I measc na gcéimithe eile a ghlac páirt, nach bhfuil sa phictiúir thuas, tá Corey Hughes, a chríochnaigh Ard-Dioplóma sa Ríomhaireacht agus atá anois ina Bhainisteoir Clár Dream Space ag Microsoft, agus Calvin O'Brien, BSc Onóracha sa Ríomhaireacht, atá ina Theicneoir QA ag Amazon agus ina Óstach ar an bpodchraoladh Talking Bollox.

Más mian leat bualadh 'go pearsanta' lenár gcéimithe go léir, is féidir ár seinnliosta fógraí a fheiceáil ar YouTube.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

D'éirigh go maith leis an gcoláiste le linn bliana inar tháinig normalú de réir a chéile ar oibríochtaí i ndiaidh na paindéime Covid-19. Sa bhliain airgeadais, tháinig méadú 2.5% ar an ioncam iomlán go €32.3m. Go háirithe, tháinig an leibhéal ioncaim ó mhic léinn idirnáisiúnta ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh Covid. Tháinig méadú 13.2% ar chostais oibriúcháin sa bhliain mar gheall ar chostais mhéadaithe foirne, soláthar teicneolaíochta agus na costais a bhain le huasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar champas Choláiste Náisiúnta na hÉireann. Ba ionann an glantoradh air sin agus barrachas oibriúcháin €1.2m. Tá na ráitis airgeadais iomlán ar fáil ar ár suíomh gréasáin

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

Gréasán: www.ncirl.ie | Fón: 01 4498500 | R-phost: info@ncirl.ie